Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**9930/26**

**TRANS 374**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa naoú seisiún den Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste ad hoc |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa naoú seisiún den Choiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste *ad hoc***

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999[1] ('Comhaontú Aontachais AE-COTIF'), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 16 §10 de COTIF, ghlac an Coiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta ('an Coiste *ad hoc*') de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a Rialacha Nós Imeachta ag an 6ú seisiún a bhí aige an 18 Aibreán 2024. De bhun Airteagal 30 de na Rialacha Nós Imeachta sin, tá an Coiste *ad hoc* in ann a Rialacha Nós Imeachta a leasú.

(3) Tá sé beartaithe ag an gCoiste *ad hoc*, le linn an naoú seisiún a bheidh aige an 23 agus 24 Meitheamh 2026, cinneadh a ghlacadh chun a Rialacha Nós Imeachta a leasú chun iad a ailíniú le rialacha nós imeachta orgáin OTIF eile.

---

1 IO L 51, 23.2.2013, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2013/103/oj.

2 Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj).

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas agus ar Bhallstáit an Aontais ar comhaltaí de OTIF iad ag an gcinneadh ón gCoiste *ad hoc* a Rialacha Nós Imeachta a leasú, má ghlactar é.

(5) Na leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste *ad hoc*, tá siad bunaithe ar na moltaí a comhaontaíodh ag an ochtú seisiún den Choiste *ad hoc* chun ailíniú agus comhsheasmhacht bhreise a áirithiú idir cleachtais an Choiste *ad hoc* agus cleachtais orgáin OTIF eile. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar na Rialacha Nós Imeachta.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Choiste *ad hoc* a bhunú maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar a Rialacha Nós Imeachta a bhunú. Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú don mhéid atá sna leasuithe beartaithe, a mhéid atá ar cumas na leasuithe sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Vótálfaidh an tAontas i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach i ndoiciméad oibre OTIF INST-26046-JUR9, ar na Rialacha Nós Imeachta sa naoú seisiún den Choiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*